Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 44

# An Coimisiún um Chosaint Sonraí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 44, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhair thuarastail agus speansais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €9.049 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Rinneadh na saolréanna ionchais agus na rátaí gaolmhara amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré ionchais* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 bliain | 10-50% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 10 mbliana | 10% |

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi chomhaontú ar leibhéal seirbhíse.

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Tugann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dearbhú bliantúil i leith na seirbhísí a sholáthraítear don Roinn Dlí agus Cirt agus déantar iniúchadh uirthi faoi phróisis deimhnithe ISAE 3402 i leith an dearbhaithe sin.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus don Roinn Dlí agus Cirt maidir leis na rialuithe iomchuí a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Baineann an Coimisiún úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta chun, inter alia, riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta. Déantar an oiliúint is gá a eagrú nó a fhoinsiú de réir mar is cuí ansin.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Maidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Le linn na bliana 2023, sholáthair rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí áirithe TFC don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Ag gníomhú dó faoi chomhaontú ar leibhéal seirbhíse, sholáthair rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt ráiteas dearbhaithe inar leagadh amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2023.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, ar feidhm sheachfhoinsithe í ag a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí neamhchosanta orthu a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Thionóil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Choimisiún um Chosaint Sonraí cúig chruinniú sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023.

***Soláthar***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann caiteachas ar earraí agus seirbhísí, lenar áiríodh an costas ar bhaill foirne a conraíodh isteach, agus €5.845 milliún san iomlán sa bhliain 2023.

Thug an Coimisiún mionsonraí faoi chonradh neamhiomaíoch amháin sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus déantar iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Ardbhainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne faoi leith as rialuithe a oibriú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gcuntas, cuireadh nósanna imeachta foirmiúla chun feidhme le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuireadh easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Choiste Ardbhainistíochta, i gcás gurb ábhartha.

Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na foirne ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2023 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**An Dr Des Hogan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chosaint Sonraí

26 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 44 – An Coimisiún um Chosaint Sonraí

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 44 – An Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 44 – An Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

# Cuntas Leithreasa 2023

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Rialachán maidir le Cosaint Sonraí a Sholáthar | 26,907 | 17,832 | 16,876 |
| **Ollchaiteachas** | | **26,907** | **17,832** | **16,876** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **285** | **259** | **233** |
| **Glanchaiteachas** | | **26,622** | **17,573** | **16,643** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **9,048,881** | **6,306,004** |

**An Dr Des Hogan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chosaint Sonraí

26 Márta 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas maidir le gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 11,987 | 10,906 |
| Neamhphá | | 5,845 | 5,970 |
| **Ollchaiteachas** | | **17,832** | **16,876** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **(259)** | **(233)** |
| **Glanchaiteachas** | | **17,573** | **16,643** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Dímheas | 5 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (140) | | |
| Amúchadh | 269 | | |
| | | 134 | (174) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (90) | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh | (12) | | |
| | | (102) | 278 |
| **Caiteachas díreach** | | **17,605** | **16,747** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 656 | 161 |
| **Glanchostas an chláir** | | **18,261** | **16,908** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 44 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 87 | — |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 487 | 83 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 22 | 20 |
| Vóta 24 | Ceartas | 60 | 58 |
| | | **656** | **161** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | — | 1,063 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 929 | — |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **929** | **1,063** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 421 | 587 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 215 | 203 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 4 | 4 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **640** | **794** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 376 | 466 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 419 | 591 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.7 | 6 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **801** | **1,057** |
| **Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha** | | (161) | (263) |
| **Glansócmhainní** | | **768** | **800** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.8 | **768** | **800** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** [b] | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 37 | 2 | 39 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 37 | 2 | 39 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 32 | 2 | 34 |
| Dímheas don bhliain | 5 | — | 5 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 37 | 2 | 39 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **—** | **—** | **—** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 1,063 | — | 1,063 |

Nóta [a] Áirítear sócmhainní a fuarthas ar chostas faoi bhun €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021 le costas nó luacháil

[b] Ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní éadála agus forbartha bogearraí a athaicmiú mar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe [a]

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 1,193 | 1,193 |
| Breiseanna | 140 | 140 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 1,333 | 1,333 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 135 | 135 |
| Amúchadh don bhliain | 269 | 269 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 404 | 404 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **929** | **929** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | — | — |

Nóta [a] Ar an 1 Eanáir 2023, aistríodh bogearraí faighte agus forbartha ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | 417 | 466 |
| Cuntais bhainc tráchtála [a] | 4 | 121 |
| | **421** | **587** |

Nóta [a] Mar aon leis an gcuntas PMG, tá ceithre chuntas bainc tráchtála eile ag an gCoimisiún. Bhí iarmhéid nialasach ag dhá cheann de na cuntais sin ar an 31 Nollaig 2023.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Costais áitribh oifige | 174 | 174 |
| Cumarsáid | 16 | 14 |
| Eile | 25 | 15 |
| | **215** | **203** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 6 | 348 |
| Speansais riaracháin | 48 | 18 |
| Costais dlí | 322 | 100 |
| | **376** | **466** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 301 | 278 |
| Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha | 10 | 14 |
| Seirbhísí gairmiúla ag siarchoinneáil cánach | 82 | 100 |
| | 393 | 392 |
| Iarmhéideanna sochair eile – míreanna fionraí | 26 | 199 |
| | **419** | **591** |

## 2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 9,049 | 6,306 |
| Deontas ón Státchiste gan tarraingt | (9,043) | (6,306) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **6** | **—** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 421 | 587 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 4 | 4 |
| | 425 | 591 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (393) | (392) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (26) | (199) |
| | (419) | (591) |
| | **6** | **—** |

## 2.8 Cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 800 | 904 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | | 26,622 | | |
| Barrachas le géilleadh | | (9,049) | | |
| Glanvóta | | | 17,573 | 16,643 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 656 | 161 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (18,261) | (16,908) |
| | | | **768** | **800** |

## 2.9 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **1,739** | **563** |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir leis an méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

# Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: rialachán maidir le cosaint sonraí a sholáthar.

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 17,643 | 11,987 | 10,906 |
| ii | Taisteal agus cothú | 110 | 41 | 34 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 4,247 | 3,287 | 3,873 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 45 | 41 | 48 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,462 | 1,401 | 823 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,850 | 920 | 984 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 540 | 155 | 208 |
| viii | Taighde | 10 | — | — |
| | | **26,907** | **17,832** | **16,876** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar measta €17.643 milliún; toradh €11.987 milliún*

Bhain an t-easnamh €5.656 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar measta go príomha leis na dúshláin leanúnacha i ndáil leis an líon íseal iarrthóirí ar éirigh leo i sainchomórtais a reáchtáladh sa bhliain 2023, leis an ráta mall sannacháin ó phainéil ghinearálta de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus leis an creataí ama ina mbíonn comórtais á bhfógairt. Léiríodh i gcaidreamh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go raibh dúshláin den chineál céanna ann i ndáil leis an líon iarrthóirí ar líon mór comórtas agus i ndáil leis an ardéileamh leantach ó eagraíochtaí is cliaint agus cuireadh roinnt feachtas earcaíochta siar go dtí an bhliain 2024.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar measta €4.247 milliún; toradh €3.287 milliún*

Tháinig an tearc-chaitheamh €960,000 i gcoibhneas leis an soláthar measta chun cinn as costais dlí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Bhí baint ag na tosca seo a leanas leis an tearc-chaitheamh sin. Ar an gcéad dul síos, bhí laghdú ann ar an ngá le comhairle dlí sheachtrach a fháil ar nithe casta nua nós imeachta a tháinig chun cinn den chéad uair. Bhíothas ag súil leis i gcónaí go mbainfimis mais chriticiúil amach i ndáil leis an ráta ag a dtiocfadh nithe nua nós imeachta chun cinn. Is cosúil gur baineadh an mhais chriticiúil sin amach i lár na bliana 2023, tráth a tháinig laghdú ar a mhinice a thagann saincheisteanna nua a bhfuil measúnú dlí ag teastáil ina leith chun cinn. Ina theannta sin, d'éirigh lenár n-acmhainní dlí inmheánacha féin déileáil le formhór na saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn na bliana, gan aon ghá le comhairle dlí sheachtrach a fháil. (Cé go raibh moilliú ann sa bhliain 2023 ar a mhinice a thagann nithe casta nua nós imeachta chun cinn, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir go n-athróidh an scéal sin amach anseo de réir mar a fhorbraíonn an réimse dlí arís eile agus de réir mar a thionscnaítear tuilleadh agóidí dlí). Ar an dara dul síos, níor tháinig roinnt costas agus speansas dlíthíochta a rabhthas ag súil leo chun cinn le linn na bliana 2023. Tharla sé sin mar gheall ar mhoilleanna ar an ráta ag ar cuireadh imeachtaí áirithe ar aghaidh (ag eascairt as baic ar an ualach cásanna dlíthíochta nó as uainiú na ndátaí éisteachta cúirte). Ina theannta sin, níor tháinig dliteanais chostais a rabhthas ag súil leo chun cinn le linn na bliana 2023 (agus is sa bhliain 2024 a íocfar iad anois).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar measta €2.462 milliún; toradh €1.401 milliún*

Bhain an t-easnamh €1.061 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis na meastacháin a tugadh leis na tosca seo a leanas. Bhí muirir TFC níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an bhfás ar an líon foirne a bheith níos ísle ná mar a réamh-mheasadh; cuireadh aistriú oifige an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar atráth an athuair, agus tá sé le tosú sa bhliain 2024 anois; agus, mar thoradh ar dhúshláin a bhain le saineolas teicniúil tábhachtach a sholáthar sa bhliain 2023, cuireadh moill ar an ardán straitéiseach TFC a fhorbairt, agus ba go dtí an bhliain 2024 a athsceidealaíodh cuid mhór de na tionscnaimh.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar measta €1.85 milliún; toradh €920,000*

Bhain an t-easnamh €930,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar measta a tugadh go príomha le costais oibriúcháin a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an gcianobair agus mar gheall ar mhoill ar spás oifige breise nua a áirithiú agus ar oibreacha feistithe a thosú tar éis an spás sin a áirithiú..

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar measta €540,000; toradh €155,000*

Bhain an t-easnamh €385,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar measta go príomha leis an riachtanas le seirbhísí comhairleoireachta a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 275 | 242 | 233 |
| 2 | Earraí Ilghnéitheacha | 10 | 17 | — |
| | **Iomlán** | **285** | **259** | **233** |

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 110 | — |
| Fáltais maidir le fíneálacha riaracháin | 815 | 17,640 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (925) | (17,530) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **110** |

### 4.3 Fíneálacha

Féadfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí fíneálacha riaracháin a fhorchur faoin sainchúram reachtúil atá air. Ní fhéadfar aon fhíneáil arna forchur ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a bhailiú go dtí go ndeimhneofar le hordú cúirte í (cibé más ar achomharc nó ar iarratas deimhnithe atá sé). Maidir le fíneálacha a fhorchuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chuid dá ghníomhaíochtaí rialála, ní chatagóirítear mar ioncam don Choimisiún um Chosaint Sonraí iad agus, ina ionad sin, íoctar ar aghaidh leis an státchiste láir iad. Ní dhíorthaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí aon sochar airgeadais ó na fíneálacha a fhorchuireann sé agus é ag feidhmiú na gcumhachtaí pionóis a ghabhann leis an ról rialála atá aige.

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 1,285,114 | 225,171 |
| Fíneálacha a forchuireadh sa bhliain | 1,551,783 | 1,077,583 |
| Fíneálacha a bailíodh (féach nóta 4.2) | (815) | (17,640) |
| Fíneálacha a coigeartaíodh/a díscríobhadh | — | — |
| Iarmhéid deiridh | **2,836,082** | **1,285,114** |

D'fhorchuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí seacht bhfíneáil dar luach iomlán €1,551,782,500 sa bhliain 2023. Tá ceithre cinn de na fíneálacha sin dar luach iomlán €1,550,522,500 faoi réir achomhairc os comhair na gcúirteanna. Dheimhnigh an Chúirt Chuarda fíneáil amháin dar luach €460,000 sa bhliain 2024. Bailíodh dhá fhíneáil dar luach iomlán €800,000.

Ba sa bhliain 2023 a bailíodh fíneáil amháin dar luach €15,000 a forchuireadh sa bhliain 2022.

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 209 | 196 |

## 5.2 Pá

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 10,783 | 9,849 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 85 | 50 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,119 | 1,007 |
| **Pá iomlán** | **11,987** | **10,906** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 12 | 4 | 17,176 | 13,539 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 14 | 67,658 | 21,271 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 5 | 17,714 | 21,271 |

## 5.5 Foireann an Choimisiúin de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid an Choimisiúin a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| **Bandaí pá (€)** | | **Líon fostaithe** | |
|---:|---:|---:|---:|
| **Ó** | **Go** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 152 | 148 |
| 60,000 | 69,999 | 5 | 5 |
| 70,000 | 79,999 | 20 | 20 |
| 80,000 | 89,999 | 13 | 12 |
| 90,000 | 99,999 | 5 | 5 |
| 100,000 | 109,999 | 8 | 4 |
| 110,000 | 119,999 | 3 | 1 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | — |
| 130,000 | 139,999 | 1 | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | — | — |
| 160,000 | 169,999 | — | — |
| 170,000 | 179,999 | 1 | 1 |

## 5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

| | **2023** | **2022** |
|---|---:|---:|
| | **€000** | **€000** |
| Bunphá | **176** | **170** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim aoisliúntais iar-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar théarmaí na scéime sin.

Baineann an figiúr thuas leis an luach saothair agus na sochair a fuair Ms. Helen Dixon, a ghníomhaigh mar Oifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2023.

# Nóta 6 Earraí Ilghnéitheacha

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Coimisiún sa bhliain**

| | **Iomlán 2023 [a]** | **Iomlán 2022 [a]** |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 60 | 44 |
| | **€000** | **€000** |
| Costais dlí an Choimisiúin féin | 844 | 967 |
| Íocaíochtaí a rinne an Coimisiún/a rinneadh thar a cheann | | |
| Cúiteamh | — | — |
| Costais dlí | 544 | — |
| Costais eile | — | — |
| **Iomlán** | **1,388** | **967** |

Nóta [a] Éilimh ó dhaoine den phobal.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023**

| | **Iomlán 2023 [a]** |
|---|---|
| Líon na gcásanna | 13 |
| | **€000** |
| Costais dlí an Choimisiúin féin | 399 |
| Íocaíochtaí a rinne an Coimisiún/a rinneadh thar a cheann | |
| Cúiteamh | — |
| Costais dlí | — |
| Costais eile | — |
| **Iomlán** | **399** |

Nóta [a] Éilimh ó dhaoine den phobal.

## 6.2 Táillí dlí

Áirítear le costais dlí iomlána €2.869 milliún costais €1.388 milliún a tabhaíodh i leith 60 sraith d'imeachtaí in aghaidh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (lena n-áirítear athbhreithnithe breithiúnacha, imeachtaí iomlánacha, agus achomhairc reachtúla a tionscnaíodh in aghaidh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí).

Áirítear leis an bhfigiúr iomlán €2.869 milliún freisin costais dlí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i leith 13 shraith eile d'imeachtaí a thionscain an Coimisiún um Chosaint Sonraí é féin, lena n-áirítear sé ionchúiseamh margaíochta agus cúig fhíneáil riaracháin. Thionscain an Coimisiún um Chosaint Sonraí na sé ionchúiseamh margaíochta os comhair na Cúirte Dúiche faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 336 de 2011[a] agus rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí na sé iarratas deimhniúcháin os comhair na Cúirte Cuarda faoi alt 143 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chun deimhniú a dhéanamh ar fhíneálacha riaracháin a d'fhorchuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar eagraíochtaí. B'ionann na costais dlí i leith na 13 shraith go léir d'imeachtaí agus €166,284. Ba é an toradh a bhí ar chúig cinn de na hionchúisimh mhargaíochta sin, áfach, ná gur dámhadh costais ionchúisimh dar luach iomlán €5,158 don Choimisiún um Chosaint Sonraí. (Dámhadh a chostais don Choimisiún um Chosaint Sonraí i gcás roinnt de na hiarratais deimhniúcháin fíneála freisin, ach níor íocadh idir na páirtithe go fóill an tsuim dheireanach is iníoctha ina leith). Mar thoradh air sin, laghdaíodh go €161,126 na costais dlí fhoriomlána a bhaineann leis na himeachtaí a thionscain an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2023.

Ba le comhairle dlí ghinearálta a bhain an €1.315 milliún eile de na costais dlí iomlána.

Nóta [a] I.R. Uimh. 336 de 2011 — Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 [ar a dtugtar na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach]